Meánscoil agus Microsoft

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mheánscoil atá sa nuacht de bharr na scileanna teicneolaíochta atá ag a cuid daltaí. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. aitheantas _____
2. ceannródaíoch _____
3. sainteagascóir _____
4. aird na cuideachta _____
5. mar gheall ar _____
6. is mór an onóir _____
7. ábhar agus acmhainní _____
8. trealamh _____
9. tuilleadh taighde _____
10. na dualgais _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Scríobh achoimre ghearr ar ábhar ginearálta na míre.

2. Cad a bhí le rá ag na cainteoirí ar fad, seachas an tuairisceoir féin, sa tuairisc?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus aimsigh cúpla sampla den séimhiú tar éis na réamhfhocal seo: ***do*** agus ***mar***.

Ceist 4 ***'…****tá aitheantas* ***tugtha…'***

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló dubh?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Nach bhfuil an obair _____ agat? (déan)
2. Tá mo dheirfiúr _____ mar mhúinteoir. (cáiligh)
3. Shíl mé go raibh an doras _____, ach ní raibh. (dún)
4. Is mór an onóir é duais chomh tábhachtach a bheith _____ againn. (buaigh)
5. Dúirt sí liom go raibh an litir _____ sa phost aici. (cuir)
6. Chuaigh mé ag siopadóireacht chomh luath is a bhí an aiste _____ agam. (scríobh)
7. Nach bhfuil sí _____ fós? (tar)
8. An bhfuil an scéal sin faoin robáil sa bhaile _____ agat? (clois)

C. Féach ar an mír arís agus aimsigh na samplaí ar fad den ghné chéanna atá le cloisteáil inti.

Ceist 5 '…beirt mhúinteoirí…'

A. Cuir an fhoirm cheart den fhocal ***múinteoir*** tar éis na n-uimhreacha pearsanta:

_____ amháin
beirt _____
triúr _____
ceathrar _____
cúigear _____
seisear _____
seachtar _____
ochtar _____
naonúr _____
deichniúr _____

B. Anois, cuir an fhoirm cheart den fhocal ***teagascóir*** sna bearnaí:

_____ amháin
beirt _____
triúr _____
ceathrar _____
cúigear _____
seisear _____
seachtar _____
ochtar _____
naonúr _____
deichniúr _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas is féidir leis an teicneolaíocht cuidiú leis an oideachas?
2. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le ríomhairí agus teicneolaíocht, más ann dóibh?
3. An mbeidh daoine ag ceannach leabhair ar bith i gceann deich mbliana, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. aitheantas	*recognition*
2. ceannródaíoch	*pioneering*
3. sainteagascóir	*specialist tutor*
4. aird na cuideachta	*the company's attention*
5. mar gheall ar	*as a result of*
6. is mór an onóir	*it's a great honour*
7. ábhar agus acmhainní	*material and resources*
8. trealamh	*equipment*
9. tuilleadh taighde	*more research*
10. na dualgais	*the duties*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

'do mheánscoil'
'mar shainteagascóirí'
'mar gheall ar'
'do mhála scoile'

Ceist 4

A. An aidiacht bhriathartha.

B

1. Nach bhfuil an obair **déanta** agat?
2. Tá mo dheirfiúr **cáilithe** mar mhúinteoir.
3. Shíl mé go raibh an doras **dúnta**, ach ní raibh.
4. Is mór an onóir é duais chomh tábhachtach a bheith **buaite** againn.
5. Dúirt sí liom go raibh an litir **curtha** sa phost aici.
6. Chuaigh mé ag siopadóireacht chomh luath is a bhí an aiste **scríofa** agam.
7. Nach bhfuil sí **tagtha** fós?
8. An bhfuil an scéal sin faoin robáil sa bhaile **cloiste** agat?

C

'tá aitheantas tugtha'
'ón scoil roghnaithe'
'tá an saol athraithe'
'níl muid bunaithe ach'
'atá déanta againn'
'tá muid ainmnithe'
'cruthaithe'

Ceist 5

A.

múinteoir amháin
beirt *mhúinteoirí*
triúr /ceathrar/ cúigear/ seisear/ seachtar/ ochtar/ naonúr/ deichniúr *múinteoirí*

B.

teagascóir amháin
beirt/ triúr/ ceathrar/ cúigear/ seisear/ seachtar/ ochtar/ naonúr/ deichniúr *teagascóirí*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá aitheantas tugtha ag *Microsoft* do mheánscoil i gContae na Gaillimhe as a bheith chomh ceannródaíoch is atá siad i dtaobh foghlaim sa rang. Tá beirt mhúinteoirí ón scoil roghnaithe freisin mar shainteagascóirí ag *Microsoft*. Níl ach céad go leith scoil timpeall an domhain a bhfuil an t-aitheantas seo acu.

Sinéad Ní Neachtain
Tá an saol athraithe go mór ó bhí mic léinn ag tabhairt fód móna chuig an scoil agus is cosúil nach mbeidh leabhair á dtabhairt chuig an scoil amach anseo ach an oiread. Is ar ríomhairí atá na mic léinn i gColáiste Bhaile an Chláir ag foghlaim agus tá an tsárobair[1] atá ar bun acu tar éis aird na cuideachta domhanda *Microsoft* a tharraingt.

Emma Ní Riain, Leas-Phríomhoide
Is mór an onóir dúinn mar scoil nua, níl muid bunaithe ach ón bhliain seo caite. Meán Fómhair an bhliain seo caite a thosaigh muid agus bhí muid ag obair le *Microsoft* agus mar gheall ar an dea-obair atá déanta againn sa scoil seo, tá muid ainmnithe mar scoil den scoth. Níl ach céad caoga scoil[2] ar fud an domhain (tar éis) a bheith ainmnithe agus mar a dúirt mé cheana, is mór an onóir dúinn é sin.

Sinéad Ní Neachtain
Tá ábhar agus a n-acmhainní féin cruthaithe ag an scoil; agus leis na ríomhairí atá acu tá na mic léinn in ann dul níos doimhne sna hábhair atá siad ag staidéar[3].

Niamh Nic Cú Uladh
Is féidir linn ríomhphoist a sheoladh chuig[4] ár múinteoirí agus seolann siad freagraí chugainn[5] ar ais.

Dalta scoile 2
Taitníonn sé liom mar tá gach rud ar an ríomhaire. Níl aon rud i do mhála scoile ach do ríomhaire. Níl aon leabhair, tá siad go léir ar an ríomhaire. Sin an rud is fearr.

Sarah Nic Dhonnchadha
Níor cheap mé go deo go mbeadh an trealamh seo agamsa agus go mbeadh an… seo é an stíl …tá stíl dhifriúil múinteoireachta faoi láthair sa scoil seo. Tá sé iontach. Tá, mar a dúirt mé, tá muid in ann teagmháil a dhéanamh aon am is maith linn. Má tá mé ag clúdach rud éicint[6] sa rang ar nós filíochta, tá na daltaí in ann b'fhéidir tuilleadh taighde a dhéanamh ar an bhfile nó ar an dán. Seo iontach, is iontach an deis é do[7] na múinteoirí agus do na daltaí.

Sinéad Ní Neachtain
Ceann de na dualgaisí[8] a bheidh ar Choláiste Bhaile an Chláir anois ná a gcuid taithí a roinnt le scoileanna eile agus amach anseo beidh cuairteoirí as scoileanna timpeall na tíre, chomh maith le cuairteoirí as tíortha eile ag teacht anseo go bhfeicfidh siad an teicneolaíocht ag obair.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, Coláiste Bhaile an Chláir, i gContae na Gaillimhe.

---

[1] *sárobair* a deirtear
[2] *scoileanna* a deirtear
[3] *sna hábhair a bhfuil staidéar á dhéanamh acu orthu* atá i gceist anseo
[4] *donár (dár)* a deirtear
[5] *dúinn* a deirtear
[6] *éigin* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, ach *éicint* atá i nGaeilge Chonnacht
[7] *chun* a deirtear
[8] *dualgais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, ach tá *dualgaisí* an-choitianta sa chaint